NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt mhodúil leantacha don scoláire tar éis Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Meán Fómhair 2023

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ ........ - 3 -

CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ........ - 4 -

Cur chuige modheolaíoch ........ - 4 -

Freagraí comhairliúcháin ........ - 4 -

CUID A DÓ: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ........ - 6 -

Spriocghrúpa agus critéir chun na modúil a rochtain ........ - 6 -

Leanúnachas agus dul chun cinn ........ - 7 -

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ........ - 10 -

Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí ........ - 11 -

Sraith shinsearach chomhtháite ........ - 11 -

Measúnú, tuairisciú agus teastasú ........ - 14 -

Conairí éagsúla agus aistrithe ........ - 15 -

Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha ........ - 16 -

Réimsí eile plé ........ - 18 -

CUID A TRÍ: PRÍOMHTHORTHAÍ LE HAGHAIDH FHORBAIRT NA MODÚL LEANTACH ........ - 19 -

Príomhthorthaí ar gá don mheitheal forbartha a bheidh ag obair ar na modúil breithniú orthu ........ - 19 -

Príomhthorthaí do pháirtithe leasmhara níos leithne. ........ - 20 -

CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ........ - 22 -

TAGAIRTÍ ........ - 23 -

AGUISÍN A ........ - 24 -

# Réamhrá

Rinne an Chomhairle an Cháipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt mhodúil leantacha don scoláire tar éis Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin ar an 9ú Feabhra, 2023, agus reáchtáladh an comhairliúchán poiblí ón 8$^{ú}$ Márta go dtí an 28$^{ú}$ Aibreán, 2023.

Tá léargas sa Cháipéis Eolais ar an gcomhthéacs reatha faoina bhfuil forbairt na modúl leantach á déanamh, lena n-áirítear breithniú ar fhorbairtí ábhartha polasaí san oideachas speisialta. Tá breithniú ann ar an soláthar reatha curaclaim do scoláirí atá faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama (MCGF) agus tá achoimre ann ar na torthaí ón Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí, a rinneadh le déanaí. Cuimsíonn an cháipéis rannán ar na treochtaí idirnáisiúnta maidir le conairí do scoláirí atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama, agus ansin plé ar na ceisteanna a sainaithníodh le go mbreithneofaí orthu agus na modúil leantacha sa tsraith shinsearach á bhforbairt. Faoi dheireadh, tá leagtha amach ann an páipéar treorach le haghaidh fhorbairt na modúl seo.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach chun bonn eolais a chur faoi obair Mheitheal Forbartha na Riachtanas Speisialta Oideachais Iar-Bhunscoile.

Is é atá sa tuarascáil seo ná léargas ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus ansin achoimre ar an aiseolas a fuarthas, mar aon le fiosrú ar phríomhthorthaí an chomhairliúcháin d'obair na Meithle Forbartha agus iad ag déanamh dul chun cinn sa phlé.

# Cuid a hAon: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022b). Sa rannán seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin, a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis, agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Agus an comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir á reáchtáil, baineadh feidhm as an iomad modhanna rannpháirtíochta le linn an phróisis comhairliúcháin:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí i scríbhinn
- Seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa.

Baineadh úsáid as cur chuige féinsamplála don suirbhé ar líne, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú na sonraí ó shampla ionadaíoch mór de fhreagróirí, agus chuir imeachtaí aghaidh ar aghaidh deis ar fáil le haghaidh plé mionsonraithe agus fiosrú níos cuimsithí maidir le ceisteanna a raibh machnamh le déanamh orthu.

Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na fócasghrúpaí a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Caomhnaíodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead soiléir í a aithint mar eagraíocht a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.


Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus rinneadh é de réir na gceisteanna a bhfuiltear le breithniú orthu faoi mar atá leagtha amach i gCuid 5 (lgh 28-30) den Cháipéis Eolais. Chabhraigh sé seo chun téamaí sna sonraí a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

## Freagraí comhairliúcháin

Cuireadh trí fhócasghrúpa réigiúnacha ar bun, agus reáchtáladh seisiún amháin i mBaile Átha Cliath, seisiún i gCorcaigh agus seisiún i Maigh Eo. Bhí 31 rannpháirtí rannpháirteach sna fócasghrúpaí seo, mar a bhí, 5 phríomhoide/leas-phríomhoide, 23 múinteoir, 2 chomhordaitheoir Oideachais Speisialta agus ionadaí amháin ó Chumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta.

Fuarthas 69 freagra tríd an suirbhé ar líne agus theastaigh ó 13 scoil (atá sonraithe in Aguisín A) go n-aithneofaí iad. Tá forléargas ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne le sonrú i bhFíor 1.

**Fíor 1: Forléargas ar fhreagairtí suirbhé ar líne –** ***Tá mé ag freagairt mar (is féidir leat níos mó ná rogha amháin a roghnú):***




Fuarthas deich n-aighneacht scríofa san iomlán ó pháirtithe agus ó eagraíochtaí leasmhara agus tá siad sin leagtha amach in Aguisín A.

## Cuid a Dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa rannán seo, tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Díríodh an comhairliúchán ar fhiosrú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas a rabhthas le breithniú orthu, mar atá leagtha amach sa Cháipéis Eolais (lgh 28-30):

- Spriocghrúpa agus critéir chun na modúil a rochtain
- Leanúnachas agus dul chun cinn
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)
- Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí
- An tsraith shinsearach chomhtháite
- Measúnú, tuairisciú agus teastasú
- Conairí éagsúla agus aistrithe
- Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha.

Tá réimsí eile nach ndearnadh comhairliúchán go díreach ina dtaobh, ach a ndearna rannpháirtithe tagairt dóibh go minic le linn an chomhairliúcháin, leagtha amach sa rannán seo den tuarascáil freisin.

### Spriocghrúpa agus critéir chun na modúil a rochtain

Ar an iomlán, léirigh rannpháirtithe an tuairim gur cheart go bpléifeadh modúil leantacha ag an tsraith shinsearach le riachtanais aonair oideachais an scoláire agus é nó í ag teacht chun cinn ó na Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna) nó Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) ag an tsraith shóisearach.

Cé gur shainaithin go leor rannpháirtithe gur cheart na critéir chun measúnú a dhéanamh ar mhodúil leantacha ag an tsraith shinsearach a bhunú ar chur i gcrích na CFL1anna nó na CFL2nna ag an tsraith shóisearach, chuir roinnt daoine an tuairim chun tosaigh gur cheart é seo a chomhlánú le cur chuige níos cuimsithí saincheaptha. Chun na críche seo, shainaithin rannpháirtithe gur ghá breithniú a dhéanamh ar chritéir shonracha eile, amhail cumas cognaíoch, gnóthachtáil agus inniúlacht an scoláire laistigh de na réimsí de Mhíchumais Ghinearálta Foghlama (MCGF) éadroma, meánacha, géara agus troma. Dhírigh rannpháirtithe aird freisin ar an tábhacht a bheadh le comhphlé bríoch a bheith ann ag leibhéal scoile leis an scoláire, múinteoirí an scoláire, múinteoirí oideachais speisialta, ceannairí scoile, tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus gairmithe eile de réir mar ab iomchuí, chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: faisnéis a bhaileofaí trí réimse de mheasúnuithe, gnóthachtáil agus an méid a bheadh bainte amach ag an scoláire go dáta, agus riachtanais oideachasúla an scoláire faoi láthair agus amach anseo.

Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go bhfuil róspleáchas braite ar thorthaí na dtástálacha cumais chognaíoch mar phríomhchritéar chun measúnú a dhéanamh ar CFL1anna agus CFL2nna ag an tsraith shóisearach, agus thacaigh na rannpháirtithe seo le cur chuige níos saincheaptha chun measúnú a dhéanamh ar na cláir ag an tsraith shóisearach agus amach anseo i gcláir de chuid na sraithe sinsearaí amach anseo.

> *Easaontaím go hiomlán gur cheart gurbh í an tsainuimhir éirime an t-aon chritéar a d'úsáidfí chun measúnú a dhéanamh ar an gclár Leibhéal 2 do scoláirí de chuid na Sraithe Sóisearaí agus, dá réir, ar an modúl leantach sa tsraith shinsearach. An critéar ba cheart a úsáid ná go n-aontódh múinteoirí gairmiúla nach bhfaigheadh an scoláire seo pas sna scrúduithe Teastais Shóisearaigh Leibhéal 3* (Suirbhé ar líne do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta Iar-bhunscoile)

Ar a bharr sin, chuir rannpháirtithe béim láidir ar an ngá atá le níos mó soiléire agus tacaíochta i dtaca le riachtanais scoláirí a shainaithint lena éascú dóibh rochtain a fháil ar na cláir is oiriúnaí ag an tsraith shóisearach agus sinsearach. Tugann an t-aiseolas le tuiscint go bhfuil fianaise ann de mhearbhall leanúnach sa chóras maidir le sainaithint na scoláirí sin is mó a bhfágfadh a gcuid riachtanas gurbh oiriúnaí dóibh rochtain ar CFL1anna agus CFL2nna, agus leanann an mearbhall seo a fhad leis na modúil bheartaithe leantacha ag an tsraith shinsearach. Luadh é seo in athuair san aiseolas ar an athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2 (CNCM, 2023a), go háirithe sna scoileanna príomhshrutha ina gcuirtear CFL2nna ar fáil.

> *Tá an iomarca scoláirí á dtreorú chuig Leibhéal 1/Leibhéal 2 mar nach bhfuil a fhios ag scoileanna cad ba cheart a dhéanamh leo.* (Comhordaitheoir Múinteoirí Oideachais Speisialta Príomhshrutha, Fócasghrúpa:)

> *Rachadh próiseas soiléir stóinsithe sainaitheanta, ar aon dul leis an bpróiseas a úsáideann scoileanna le haghaidh an Chontanaim Tacaíochta, chun sochair do scoileanna chun na scoláirí sin ar cheart iad a bheith ag tabhairt faoi na modúil seo a shainaithint agus chun cabhrú leo a chinntiú gurbh iad na scoláirí sa spriocghrúpa amháin a thabharfadh fúthu.* (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

Cé gur thug go leor rannpháirtithe achoimre ar a thábhachtaí a bheadh solúbthacht éigin i dtaca le rochtain a fháil ar na modúil leantacha ag an tsraith shinsearach, labhair rannpháirtithe freisin ar an tábhacht atá le treoir a sholáthar le nach dtreorófaí scoláirí, nár cheart iad a bheith ag tabhairt faoi ábhair agus modúil sraithe sinsearaí eile i sraith shinsearach athfhorbartha, i dtreo na modúl seo.

> *Is gá treoir a sholáthar maidir leis na scoláirí nár cheart rochtain a bheith acu ar na modúil seo lena chinntiú NACH spreagfaí foghlaimeoirí, go háirithe bunús na bhfoghlaimeoirí sin a bheadh faoi mhíchumas foghlama ginearálta éadrom nó b'fhéidir foghlaimeoirí ag a mbeadh deacrachtaí iompair, chun tabhairt faoi na modúil seo nó ní bheadh sé sin oiriúnach.* (Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, aighneacht scríofa)

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Léirigh rannpháirtithe gur mhian leo clár sraithe sinsearaí a chinnteodh leanúnachas agus dul chun cinn don scoláire ó na CFL1anna agus CFL2nna. Léirigh bunús na rannpháirtithe an

smaointeoireacht gur chabhair é an fhoghlaim ag an tsraith shóisearach *a leathnú* nó *a shíneadh* chun an fhoghlaim a dhaingniú agus a chur chun cinn.

*Tá go leor solúbthachta ag baint leis na CFL2nna chun foghlaimeoirí a spreagadh trí éagsúlacht d'ábhair, agus ceapaim gur cheart go gcoinneofaí bonn na sraithe sinsearaí a bheag nó a mhór mar an gcéanna le gur féidir an fhoghlaim a bheith solúbtha agus ábhartha don scoláire sinsearach.* (Príomhoide/Leas-phríomhoide, Scoil Speisialta, suirbhé ar líne)

Rud ar cuireadh béim air, áfach, ná mar gheall ar aois agus céim forbartha na scoláirí, gur ghá go leor de na réimsí foghlama a éabhlóidiú. Ar na réimsí foghlama a luadh, a bhféadfaí níos mó airde a dhíriú orthu ag an tsraith shinsearach, bhí scileanna litearthachta digití agus Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), scileanna feidhmeacha maireachtála, oideachas airgeadais, oideachas comhshaoil, oideachas saoránachta agus bainistiú bia agus tí. De bhreis air sin, luadh arís agus arís eile, ar fud an chomhairliúcháin, bealaí leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tacú leis an maireachtáil laethúil agus tugadh le fios go mbeadh sé tábhachtach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa seomra ranga mar uirlis foghlama.

*I gcomhréir leis an Straitéis Dhigiteach do scoileanna, agus mar aitheantas freisin don ról atá ag an teicneolaíocht dhigiteach sa tsochaí agus i saol an lae inniu, ba rud tairbheach é modúil na sraithe sinsearaí a bheith ag díriú níos mó ar fhorbairt na scileanna digiteacha. Is féidir go dtacódh an teicneolaíocht dhigiteach leis an inrochtaineacht i ngach réimse den saol agus ba chur chuige dearfach é, é seo a aithint agus a bheith ag tacú leis an scoláire lena fhoghlaim sa réimse seo a fhorbairt.* (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

Thug rannpháirtithe le fios gur rud éigeantach é *rogha agus solúbthacht* a chur ar fáil lena chinntiú go mbainfeadh an scoláire barr a chumais amach. I dtaca le rogha, chuir rannpháirtithe síos ar an gcaoi a mbeadh sé úsáideach éagsúlacht de mhodúil a sholáthar lena ligean don scoláire na modúil sin ab ábhartha, ba luachmhaire agus ba spéisiúla dó nó di féin a roghnú. Ó thaobh na solúbthachta de, labhair rannpháirtithe ar bhaint ar shiúl an imfhálaithe nó na gclár aon rian nár lig don scoláire modúil a roghnú ag an leibhéal ab oiriúnaí dá inniúlacht féin.

*Éascaítear do scoláirí, i láthair na huaire, sa tsraith shóisearach, tabhairt faoi clár solúbtha saincheaptha foghlama thar 3 leibhéal, ba cheart freisin go dtacódh modúil le haghaidh na sraithe sinsearaí leis an tsolúbthacht seo thar leibhéil. Cinntíonn an tsolúbthacht seo go bhféadann scoláirí rochtain a fháil ar churaclam a bheadh oiriúnach dá n-inniúlachtaí agus riachtanais aonair féin,* (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

*Oibríonn leagan amach na gClár Sraithe Sóisearaí go maith do scoláirí agus múinteoirí araon agus do chóras den chineál céanna de mhodúil/Aonaid Foghlama Tosaíochta, agus méid éigin de rogha a bheith ann freisin.* (Múinteoir iar-bhunscoile/Múinteoir Oideachais Speisialta/Comhordaitheoir Múinteoirí Oideachais Speisialta, suirbhé ar líne)

I dtaca le leanúnachas agus dul chun cinn, tharraing roinnt rannpháirtithe aird ar chlár reatha na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF). Tháinig dearcthaí codarsnacha chun cinn i dtaca leis an ATF mar chonair chun cinn do scoláirí tar éis na gCFL1anna agus CFL2nna ag an tsraith shóisearach. Tugadh isteach an clár ATF in 1995 mar réamhchlár gairmiúil ag Leibhéal 4-5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Le blianta beaga anuas, tá roinnt scoláirí a bhí ag dul chun cinn ó CFL2nna, de cheal aon chonair aitheanta chun cinn ag an tsraith shinsearach, tar éis dul chun cinn chuig an ATF. Cé nár forbraíodh an ATF le bheith ina chonair bheartaithe chun cinn do scoláirí a mbeadh CFL1anna/CFL2nna curtha i gcrích acu roimhe sin ag an tsraith shóisearach, mheas roinnt rannpháirtithe gur chonair oiriúnach í.

*Tá clár oiriúnach ann cheana féin, an ATF a thugtar air.* (Múinteoir iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

D'aithin rannpháirtithe eile nach í an ATF an chonair bheartaithe agus rinne cur síos ar bhuarthaí go measfadh scoláirí a mbeadh CFL1anna/CFL2nna curtha i gcrích acu ag an tsraith shóisearach go leor gnéithe den chlár ATF a bheith deacair, agus, dá réir, nárbh ionann í agus an chonair idéalach chun cinn do go leor scoláirí. D'iarr na rannpháirtithe seo go ndéanfaí modúil leantacha a fhorbairt a bheadh ní b'oiriúnaí ó thaobh céim forbartha agus aoise de.

Tá gnéithe den chlár ATF ann, dar le go leor rannpháirtithe, ar fiú breithniú a dhéanamh orthu agus na modúil leantacha á bhforbairt, amhail taithí oibre, grúpobair, obair thionscadail agus agallaimh scoláire.

Measadh ar bhonn forleathan ar fud an chomhairliúcháin go raibh sé tábhachtach a bheith ag cabhrú leis an bpleanáil le haghaidh aistriú an scoláire ón tsraith shinsearach isteach san obair, sa bhreisoideachas, sna seirbhísí d'aosaigh nó chuig conairí eile.

*Ní mór dul i ngleic leis an aistriú amach as an scoil – tá sé ríthábhachtach go mbeadh treochlár amach as an scoil ag scoláirí – beidh cuma an-éagsúil air seo idir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Ba cheart gur chuid dhílis é seo de réasúnaíocht na modúl RSO sa tSraith Shinsearach.* (Múinteoir i Scoil Speisialta, fócasghrúpa)

Thug roinnt rannpháirtithe le tuiscint, áfach, cé go bhfuil tábhacht le béim ar an saol tar éis na scoile, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an tosaíocht chéanna ag riachtanais reatha an scoláire. Don chéim seo den oideachas, measadh go raibh sé riachtanach go mbraithfeadh scoláirí go mbeadh fáilte rompu ar scoil, braistint mhuintearais a bheith acu, go mbeidís ag plé le piaraí, agus go gcothóidís caidrimh dhearfacha.

I dtaca le seirbhísí d'aosaigh a mbíonn FSS ag tacú leo, tugadh le fios gur gá línte cumarsáide agus tacaíocht níos soiléire a bheith ann idir scoileanna agus a leithéid de sheirbhísí chun aistriú réidh a chinntiú don scoláire.

*Is iondúil gurb ionann fágáil na scoile do na scoláirí sin a bhféadfadh sé iad a bheith ina n-iarrthóirí do na modúil seo agus deireadh le deiseanna foghlama foirmeálta. Cé go bhféadfadh sé go n-éireodh le cuid acu oiliúint athshlánúcháin a chinntiú dóibh féin, is iondúil na seirbhísí lae d'aosaigh a bheith dírithe ar chúram. D'fhéadfaí na modúil seo a úsáid mar bhonn eolais le haghaidh dul chun cinn tar éis fhágáil na scoile go dtí seirbhísí [cúraim lae d'aosaigh] ach le go mbeadh aon teastasú ag an*

*tsraith shinsearach bríoch, bheadh gá le níos mó soiléire maidir leis an gcineál foghlama a bheadh ag titim amach sna seirbhísí seo a maoiníonn FSS iad.* (Pobalscoil Speisialta Charraig Uí Leighin, aighneacht scríofa)

## An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)

Bhí díocas láidir le brath i measc rannpháirtithe comhairliúcháin go n-eascródh cáilíocht a bheadh san áireamh sa CNC as na modúil leantacha lena chinntiú go bhfaigheann an scoláire aitheantas as a chuid oibre agus gnóthachtálacha.

*Ba cheart aitheantas a thabhairt don scoláire freisin agus é nó í ag dul chun cinn i dtreo an táscaire leibhéil. Ba cheart aitheantas a thabhairt don phróiseas chun an áit sin a bhaint amach mar aon leis an táirge nó leibhéal deiridh.* (Múinteoir iar-bhunscoile RSO/Comhordaitheoir T1/CFL2nna, suirbhé ar líne)

Is amhlaidh, áfach, gur aithin rannpháirtithe na dúshláin a bhaineann le modúil leantacha a chuimsiú sa CNC. Sonraíodh go minic gur féidir dul chun cinn an scoláire a bheith cliathánach seachas é nó í a bheith ag dul suas leibhéil an CNC.

*Cén áit ar cheart na modúil a chur isteach sa CNC, ní hionann Leibhéal 1 a bheith bainte amach ag scoláire agus an scoláire sin a bheith in ann dul chun cinn chuig Leibhéal 2. Tá sé casta, mar sin de, an áit ar cheart é seo a chur isteach ar an CNC* (Múinteoir i rang speisialta, fócasghrúpa)

Cé go raibh bunús na rannpháirtithe den tuairim gur cheart modúil leantacha a fhorbairt a bheadh sainoiriúnaithe do riachtanais na scoláirí a bheadh i mbun staidéir ar CFL1anna agus CFL2nna, rinne roinnt rannpháirtithe tagairt do na modúil atá ar fáil cheana ar an CNC ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus cuid acu ag fiafraí an gá aon mhodúil eile a fhorbairt? I láthair na huaire, tá modúil atá forbartha ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ar fáil ar an CNC ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, agus iad ceaptha chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, idir óg agus níos aosta, lena n-áireofaí iad sin a bheadh faoi mhíchumas intleachtach nó eile, daoine fásta a bheadh ag filleadh ar an oiliúint, agus foghlaimeoirí ar bheagán cáilíochtaí nó gan aon cháilíochtaí, lena n-áirítear iad sin a bheadh ag obair. Soláthraíonn na cáiliúcháin seo teistiúchán d'fhoghlaimeoirí a d'fhéadfadh dul chun cinn chuig leibhéil níos airde agus dóibh sin a luífeadh a bpríomhghnóthachtáil ag na leibhéil seo. Cuimsíonn gach teistiúchán roinnt comhpháirteanna, ar minice iad a bheith ag baint le bunlitearthacht agus bunuimhearthacht (Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, 2009) Cé gur aithin rannpháirtithe na buntáistí a thagann le soláthar na modúl leantach tar éis CFL1anna agus CFL2nna, dhírigh siad aird freisin ar a thábhachtaí atá sé a bheith meabhrach ar na modúil eile atá ar fáil don scoláire ag an gcéim seo den oideachas. D'aithin roinnt rannpháirtithe go bhfuil spriocghrúpa na dteastas QQI seo thar a bheith leathan ó thaobh aoise agus taithí de.

Luadh i rith an ama, i measc gach grúpa rannpháirtithe, an tábhacht a bheadh le teistiúchán náisiúnta le haghaidh ghnóthachtáil oideachasúil an uile scoláire ag an tsraith shinsearach agus tugadh le fios gurb ionann cuimsiú na modúl sa CNC agus bealach chun cothrom na Féinne a chinntiú ó thaobh rannpháirtíochta agus aitheantais de in oideachas na sraithe sinsearaí.

*Ba cheart na modúil leantacha a ailíniú go dlúth leis an CNC óir soláthraíonn sé seo teistiúchán náisiúnta, rud a bheadh thar a bheith tábhachtach agus a d'fhéadfaí a úsáid le dul chun cinn a dhéanamh chuig an gcoláiste agus an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, athshlánúchán srl. Tugann sé an chreidiúint cheart don teistiúchán freisin.* (Comhordaitheoir CFL1anna/CFL2nna Iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

## Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí

Ar fud an chomhairliúcháin, shainaithin rannpháirtithe gnéithe ar mheas siad iad a bheith úsáideach agus treoirlínte á n-úsáid acu. Ar na gnéithe seo, bhí: teanga agus teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha; agus treorú chuig naisc le cáipéisí eile a mbeadh baint acu le RSO agus/nó an t-ábhar amhail ciorcláin, treoirlínte eile agus tuairiscí cigireachta. De bhreis air sin, shainaithin rannpháirtithe gur gá treoirlínte a bheith gonta agus furasta a leanúint, iad a bheith idirghníomhach le go mbeadh sé éasca an fhaisnéis ábhartha a aimsiú, agus iad a bheith in-úsáidte ag gach suíomh agus comhthéacs scoile.

Léirigh rannpháirtithe an dearcadh gur cheart na treoirlínte a bhaineann le modúil leantacha na sraithe sinsearaí, rud a chuimseodh treoir i dtaca le scoláirí ag a mbeadh riachtanais speisialta nó breise a theagasc, a chur ar fáil don fhoireann ar fad agus ní dóibh sin amháin atá ag obair san oideachas speisialta. Sonraíodh gur chabhair é seo chun cur chuige ionchuimsitheach uile-scoile i leith an teagaisc agus na foghlama a chinntiú.

Ar fud an chomhairliúcháin, cuireadh roinnt moltaí chun tosaigh i dtaca le heolas úsáideach bríoch a bhféadfaí, dar le múinteoirí, é a chuimsiú sna treoirlínte. Cuimsíodh anseo treoir i dtaca le:

- Oideolaíochtaí éifeachtacha
- Measúnú
- Idirdhealú
- Naisc thraschuraclaim
- Mar a d'fhéadfaí tacú le comhoibriú múinteoirí.

## Sraith shinsearach chomhtháite

Cuireadh tuairimí difriúla in iúl maidir le sraith shinsearach chomhtháite. Cé gur léirigh go leor rannpháirtithe an tábhacht a bheadh le scoláirí rochtain a fháil ar oideachas ardchaighdeáin sa tsraith shinsearach, tháinig tuairimí measctha chun cinn i dtaca leis an mbealach is fearr chun freastal ar a gcuid riachtanas aonair.

*Is é an túsphointe lena dhéanamh amach cén dóigh ar féidir gach uile shaoránach a bheith ar a shuaimhneas agus a bhrath go bhfuil áit ann dó nó di féin, ar bhonn cothrom, ar scoil ná go bhfuil cumais agus inniúlachtaí ag gach uile dhuine, rud a fhágann gur féidir leis nó léi a bheith mar chuid de shlua na scoláirí seachas a bheith ag glacadh leis, go huathoibríoch, gur cheart roinnt daoine a choinneáil ar leithligh, 'de réir mar ba chuí'.* (Audrey Halpin, Ollamh Cúnta le hOideachas Ionchuimsitheach, Scoil na Forbartha Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, aighneacht scríofa)

*Tá sé deacair a fheiceáil cén dóigh a bhféadfaí na daoine sin atá ag tabhairt faoi Leibhéal 1 inniu a imeascadh le clár a ullmhaíonn daoine eile le haghaidh rathúlacht acadúil ardleibhéil ar bhealach bríoch, seachas comhlonnú na scoláirí a éascú, rud a bhféadfaí 'ionchuimsiú' a chur síos dó.* (Pobalscoil Speisialta Charraig Uí Leighin, aighneacht scríofa)

Ar láimh amháin, thuairiscigh roinnt rannpháirtithe mian go ndéanfaí an fhoghlaim a bhfuil cur síos uirthi a ailíniú, aon áit ar féidir, le cláir, ábhair nó modúil sraithe sinsearaí eile atá ann cheana san ATF, i nGairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus san Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB). Measadh é seo a bheith tábhachtach lena chinntiú go bhfaigheadh scoláirí taithí ar ionchuimsiú bríoch trí bheith ag tabhairt faoina gcuid foghlama i ranganna príomhshrutha taobh lena bpiaraí. Ar an láimh eile, áfach, mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart bheith faichilleach leis an gcur chuige sin, nó d'aithin siad gurb ann do roinnt scileanna agus eolais atá thar a bheith luachmhar do na scoláirí seo agus gur cheart am agus spás a chur ar fáil sa churaclam chun na scileanna agus an t-eolas seo a fhorbairt.

Tugadh faoi deara freisin go measann roinnt rannpháirtithe na cláir sraithe sinsearaí reatha a bheith ró-acadúil agus ródhírithe ar phointí, agus go rachadh cur chuige ró-acadúil chun dochair don eispéireas foghlama a gheobhadh an scoláire a roghnódh na modúil leantacha. Luaigh roinnt rannpháirtithe na dúshláin agus buarthaí, dar leo, a bhí ag baint le hionchuimsiú rathúil bríoch na scoláirí sin a bheadh ag dul chun cinn ó CFL1anna/CFL2nna ag an tsraith shóisearach isteach sna cláir sraithe sinsearaí atá ann cheana, agus iad ar Leibhéal 4-5 den CNC.

Léirigh rannpháirtithe meascán de thuairimí freisin i dtaca le bheith ag tacú le scoláirí a mbeadh riachtanais shainaitheanta acu i ranganna príomhshrutha. Thug roinnt rannpháirtithe le tuiscint gur chreid siad go dtiteann scoláirí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta faoi théarmaí tagartha na foirne Oideachais Speisialta agus na múinteoirí sna ranganna speisialta, agus go bhféadfadh sé nach mbeifí in ann freastal, i ranganna príomhshrutha, ar leibhéal na riachtanas a bheadh ag go leor de na scoláirí a d'fhéadfadh na modúil leantacha a roghnú.

*Sílim go mbeidh sé dodhéanta scoláirí Leibhéal 2 a imeascadh go hiomlán i rang príomhshrutha na sraithe sinsearaí óir ní féidir an bhearna maidir leis an méid atá le déanamh a thabhairt isteach tríd an idirdhealú amháin.* (Múinteoir Oideachais Speisialta iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

Thug rannpháirtithe eile breac-chuntas ar an dearcadh go bhféadfaí agus gur cheart na modúil leantacha a dhearadh agus a chur ar fáil laistigh de ranganna príomhshrutha, rud a chinnteodh deiseanna do scoláirí le bheith rannpháirteach i seomraí ranga ina bpobal féin agus lena bpiaraí.

*Ar an iomlán, ba cheart an clár a dhearadh chun an tacaíocht chuí a sholáthar chun cabhrú le scoláirí rathúlacht a bhaint amach agus, san am céanna, iad a bheith ionchuimsitheach agus gan aon eisiamh, stiogmatú, nó deighilt scoláirí gan ghá a bheith ag eascairt astu. Ba cheart é a bheith solúbtha agus é a dhearadh thart ar riachtanais na scoláirí, agus acmhainní agus tacaíocht leorga a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí araon, lena n-áireofaí baill foirne tacaíochta breise aon áit is gá. Aithníodh gur féidir soláthar éifeachtach na modúl laistigh den rang*

*príomhshrutha a bheith dúshlánach do mhúinteoirí, agus iad ag iarraidh a chinntiú, freisin, go gcruthaíonn siad spás ina mbraitheann scoláirí go bhfuil siad á gcuimsiú ar bhealach bríoch* (Ag Foghlaim le Chéile, aighneacht scríofa)

Cheistigh roinnt rannpháirtithe éifeachtacht agus an easpa ionchuimsitheachta a braitheadh sa soláthar reatha ag an tsraith shóisearach trí na hábhair Leibhéal 3 de chuid na Sraithe Sóisearaí, gearrchúrsaí Leibhéal 3 na Sraithe Sóisearaí, agus na CFL1anna agus CFL2nna. Agus iad den bharúil go ndéanfaí an soláthar curaclaim ag an tsraith shinsearach a chur ar fáil, mar an gcéanna, ag roinnt leibhéal CNC, bhí na rannpháirtithe seo buartha faoi na hoibleagáidí atá ar Éirinn a eascraíonn as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta na nDaoine atá faoi Mhíchumas, go háirithe Alt 24 a bhaineann leis an Oideachas.

I dtaca leis an Idirbhliain (IB), is í an tuairim a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán, ó gach aon rannpháirtí, nach mór, nár cheart curaclam IB malartach a bheith ann do scoláirí a bheadh ag dul chun cinn ó CFL1anna/CFL2nna. Léirigh rannpháirtithe tuairim láidir gur cheart a éascú do gach aon scoláire a roghnaíonn páirt a ghlacadh san Idirbhliain é sin a dhéanamh ar bhealach úisiúil ionchuimsitheach, gan aon churaclam malartach a chur ar fáil. Rinne go leor rannpháirtithe cur síos ar na nithe dearfacha féideartha, dar leo, san IB do na scoláirí sin a thug faoi CFL1anna agus CFL2nna ag an tsraith shóisearach.

*Is suíomh idéalach í an idirbhliain do scoláirí L1 agus L2 óir baineann siad an-sochar as clár agus as gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil i suíomh comhtháite.*
(Comhairleoir Treorach Iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

*Is bliain iontach í an idirbhliain do scoláirí CFL1 agus CFL2 óir bíonn an fócas acadúil níos lú agus níos mó fócais ar an bhforbairt phearsanta. Arís, bíonn an curaclam ailínithe leis an gclár reatha IB, agus cúnamh ar fáil, ach is bliain iontach í an IB le haghaidh fás pearsanta agus turais agus gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil a fhéadann scoláirí CFL1 agus CFL2 a dhéanamh ach tacaíocht a bheith ar fáil dóibh (Comhordaitheoir Múinteoirí Oideachais Speisialta Iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)*

Léirigh go leor rannpháirtithe an bharúil gur cheart go mbeadh sé de cheart ag aon scoláire a thug faoi CFL1anna agus CFL2nna ag an tsraith shóisearach taithí a fháil ar an IB mar a fhaigheann gach scoláire eile. Dar le roinnt rannpháirtithe, áfach, mar gheall ar nádúr na hIdirbhliana agus riachtanais an scoláire aonair, go bhféadfadh sé nach mbeadh an IB i gcónaí oiriúnach do gach aon scoláire.

*Braitheann sé [an IB a dhéanamh] go hiomlán ar an scoláire. Tá scoláirí neamhbhriathartha againn a bhfuil riachtanais dlúthchúraim phearsanta acu, agus leideanna briathartha ag teastáil uathu chun gach rud a dhéanamh, bíonn siad ag streachailt i suíomhanna grúpa níos mó – baineann siad feidhm as amadóirí 10 nóiméad le haghaidh gníomhaíochtaí – bheadh an IB thar a bheith deacair do na scoláirí seo. […] Ba ghá í a bheith bunaithe ar riachtanais an scoláire aonair. Bheadh sé thar cionn do roinnt daoine ach ní do dhaoine eile. (Múinteoir Oideachais Speisialta Iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)*

## Measúnú, tuairisciú agus teastasú

Labhair go leor rannpháirtithe ar chuir chuige shaincheaptha i leith an mheasúnaithe lena chinntiú go ndéantar measúnú críoch ar an bhfoghlaim a bhfaigheann an scoláire taithí uirthi. Thug rannpháirtithe cuid mhaith samplaí de na cineálacha éagsúla measúnaithe a bhféadfaí breithniú orthu, agus iad ag lua cumasc de mheasúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha, modhanna éagsúla amhail piarmheasúnú nó measúnú aonair agus bealaí eile amhail obair thionscadail agus punanna. Chuir go leor rannpháirtithe in iúl gurbh fhearr leo roinnt de na gnéithe a bhaineann leis na socruithe measúnaithe sa chlár ATF atá ann anois, amhail: punanna, príomhthascanna, agallaimh scoláire, agus carnadh na gcreidiúintí thar 2 bhliain an chláir.

*D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar scoláirí ar bhealach a bheadh cosúil leis an gclár ATF, iad ag cur i gcrích measúnuithe tascbhunaithe a ndéanfaí iad a scrúdú agus a mheasúnú trí agallamh nó trí thascanna creidiúint-bhunaithe. Gheobhadh scoláirí a dteastas ag an am céanna leis na torthaí Ardteistiméireachta freisin.* (Príomhoide/Leas-phríomhoide i Scoil speisialta, suirbhé ar líne)

Ar fud an chomhairliúcháin, léiríodh tacaíocht láidir do bhailíochtú seachtrach na dtorthaí measúnaithe chun gnóthachtáil oideachasúil an scoláire a theastasú agus chun cothrom na Féinne le cláir sraithe sinsearaí eile a chur ar fáil.

*Maidir leis an dearbhú cáilíochta, ba cheart cineál éigin de scrúdaitheoir seachtrach a bheith ann – tugann sé seo bailíocht isteach chuig an méid atá an scoil a dhéanamh.* (Múinteoir i Scoil Speisialta, fócasghrúpa)

Bhí sé soiléir gur mheas go leor rannpháirtithe gurb é ról an mhúinteora sa mheasúnú ná fianaise den fhoghlaim a thiomsú, breithniú a dhéanamh ar obair an scoláire i gcomhréir leis na critéir mheasúnaithe agus taifeadadh agus doiciméadú a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála. Le fírinne, thug go leor daoine le fios go raibh ról an bhailíochtaithe sheachtraigh riachtanach lena chinntiú go mbíonn múinteoirí ag tiomsú fianaise ardchaighdeáin d'fhoghlaim a bheadh ag teacht leis an leibhéal gnóthachtála a bhronnfaí.

Léiríodh san aiseolas go raibh fáilte roimh iniúchadh ar na bealaí trína bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim sa bhaile agus sa phobal. Rinne go leor rannpháirtithe tagairt don fhoghlaim luachmhar a tharlaíonn sna timpeallachtaí seo, mar a léiríonn scoláirí cuid mhaith scileanna feidhmeacha maireachtála.

Ó thaobh an tuairiscithe de, thug cuid mhaith rannpháirtithe le fios nach ndéantar gach foghlaim a aithint trí ghrád nó tuairiscín. Chuir rannpháirtithe in iúl, áfach, go bhfuil gá le leathnú an tuairiscithe agus an teistiúcháin ag an tsraith shinsearach, rud a rachadh chun sochair don uile scoláire, ní hamháin an dream sin a bheadh ag tabhairt faoi na modúil.

*I láthair na huaire, tá an tuairisciú agus an teistiúchán ag deireadh na sraithe sinsearaí dírithe ar fheidhmíocht an scoláire i scrúduithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus cé go bhféadfadh sé go dtabharfadh roinnt scoláirí ó spriocghrúpa na modúl faoi roinnt scrúduithe, ní thabharfaidh gach duine. Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndéanfaí próisis agus córais tuairiscithe agus teistiúcháin sraithe sinsearaí*

*mhalartacha a fhorbairt.* (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

## Conairí éagsúla agus aistrithe

Ar an mórgóir, léirigh rannpháirtithe an tuairim gur cheart go bhfaighfí, leis na modúil leantacha, eispéireas oideachasúil a d'fhreastalódh ar riachtanais aonair agus a d'ullmhódh an scoláire don saol amach anseo. Thug rannpháirtithe cuntas ar an ngá atá le modúil a bheith ann a thacódh le scileanna feidhmeacha saoil agus go leor daoine ag tarraingt aird ar an tábhacht a bheadh le taithí oibre fíorshaoil agus pobail. Shainaithin rannpháirtithe socrúcháin bhríocha oibre sa phobal, nó an deis chun cuairt a thabhairt ar láithreacha oibre chun scoláirí a ullmhú don saol tar éis an oideachais iar-bhunscoile.

*Ní mór na modúil a ghlacadh amach as an seomra ranga agus iad a theagasc ar bhealach atá thar a bheith praiticiúil agus in situ.* (Múinteoir Oideachais Speisialta iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

Bhí rannpháirtithe soiléir freisin gur ghá go dtacódh modúil leantacha le forbairt na scileanna saoil neamhspleách agus scileanna féinchinnteoireachta chun tacú le haon aistriú todhchaí. Mar a tuairiscíodh san athbhreithniú ar CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sóisearaí, d'iarr rannpháirtithe go ndéanfaí an tAonad Foghlama Tosaíochta L2 'Ullmhú don Obair' ón tsraith shóisearach agus gnéithe den Aonad 'Maireachtáil sa Phobal' a bhogadh chuig an tsraith shinsearach, óir measadh iad a bheith níos oiriúnaí don aoisghrúpa agus don chéim oideachais seo. Thug rannpháirtithe eile léargas níos doimhne ar fhorbairt na modúl sainiúil chun tacú le conairí éagsúla agus aistrithe.

*Ba cheart modúl sainiúil a fhorbairt ar "An Saol tar éis na Scoile" chun tacú le foghlaimeoirí agus lena dteaghlach tuiscint a fháil ar an réimse de roghanna iar-scoile atá ar fáil dóibh (seachas seirbhísí FSS amháin), próifíl de scileanna agus de réimsí ina bhféadfaí forbairt bhreise a dhéanamh a fhorbairt, tuiscint a fháil ar a gcearta agus ar na liúntais mhaoinithe a bheadh ar fáil dóibh, tuiscint a fháil ar scéimeanna atá ar fáil chun rochtain a fháil ar an mBreisoideachas agus ar an Ardoideachas. Ba cheart go gcuimseofaí ann freisin méid suntasach agus réimse ilchineálach d'eispéiris oibre* (Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, aighneacht scríofa)

Thug rannpháirtithe léargais ar an iliomad bealaí a bhféadfaí modúil a cheapadh chun cabhrú leis an scoláire scileanna a fhorbairt don ionad oibre, don bhreisoideachas/ardoideachas, don ghairmoideachas, le haghaidh rannpháirtíocht sa phobal agus/nó seirbhísí d'aosaigh. Ar na léargais seo, bhí:

- Foghlaim shaincheaptha: cuir chuige ó thaobh inneachair agus measúnaithe de a bheadh oiriúnaithe do riachtanais, spéiseanna agus inniúlachtaí sainiúla.
- Foghlaim sa láthair oibre/sa phobal: deiseanna a bheith ann chun taithí a fháil ar fhoghlaim bharántúil sa láthair oibre nó sa phobal.
- Obair foirne agus piarfhoghlaim: deis chun taithí a fháil ar an gcomhoibriú trí thionscadail ghrúpa agus foghlaim piara le piara.

- Fiosrú gairme: deis chun fiosrú a dhéanamh ar roghanna gairme, trí mheasúnú gairme, taithí oibre nó postscáthú.
- Foghlaim scil-bhunaithe: deiseanna chun scileanna sainiúla a bheadh ábhartha do chonair chun cinn an scoláire a fhorbairt agus chun máistreacht a fháil ar na scileanna sin.

## Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha

Ar fud an chomhairliúcháin, labhair rannpháirtithe i rith an ama ar thábhacht na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus ceannairí scoile, agus faoin gcaoi a bhfuil na gnéithe éagsúla den fhorbairt ghairmiúil riachtanach le go n-éireodh le haon mhodúil úra a thabharfaí isteach. Measadh an fhorbairt ghairmiúil do gach aon mhúinteoir ábhair, múinteoir oideachais speisialta agus ceannaire scoile i dtaca le cur i bhfeidhm na modúl, a bheith éigeantach. D'iarr rannpháirtithe freisin go ndíreofaí le linn oiliúint tosaigh múinteoirí ar CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sóisearaí agus ar na modúil leantacha ag an tsraith shinsearach d'fhonn an acmhainneacht a fhorbairt.

D'iarr rannpháirtithe soiléire bhreise i dtaca le róil agus freagrachtaí agus na modúil leantacha á gcur i bhfeidhm. Tharraing go leor rannpháirtithe aird ar bhraistint frustrachais, rud a bhfuil borradh fúithi, go gceapann daoine go dtiteann scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu faoi théarmaí tagartha an Mhúinteora Oideachais Speisialta agus múinteoirí ranganna speisialta. I roinnt cásanna, chuir rannpháirtithe in iúl go bhfuil foirne Oideachais Speisialta faoi bhrú méadaithe i scoileanna agus tá go leor den bhraistint sin le sonrú sa sliocht thíos.

> *Tá an fhoireann Oideachais Speisialta againn róshínte, faoi ualach riaracháin róthrom, níl dóthain acmhainní acu ó thaobh ama agus líon foirne de agus, an rud is mó a mbeinn buartha faoi, tá siad gann ó thaobh na gairmiúlachta de i dtaca le líon na múinteoirí a mbeadh cáilíochtaí iarchéime acu sna RSO nó san oideachas a bhaineann leis an uathachas.* (Comhchoiste na mBainisteoirí, aighneacht scríofa)

Tharraing an t-aiseolas aird ar mhéid éigin débhríochta i dtaca le roinnt mhaith réimsí den soláthar RSO, amhail riachtanais aonair a shainaithint, freastal a dhéanamh orthu agus monatóireacht a dhéanamh orthu, Samhail Leithdháilte na Múinteoirí Oideachais Speisialta agus ról an mhúinteora ranga, idirghabhálacha fianaise-bhunaithe, an Contanam Tacaíochta agus pleanáil RSO ar bhonn uile-scoile. Thug go leor rannpháirtithe le tuiscint gur cheart forbairt ghairmiúil san oideachas speisialta agus ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach uile mhúinteoir agus ceannaire scoile d'fhonn níos mó tuisceana agus tacaíocht ar bhonn uile-scoile a chinntiú.

> *Aon rud a thiocfadh anuas – an teachtaireacht is gá a bheith ann ná go gcaithfidh sé seo GACH múinteoir a chuimsiú lena n-áirítear lucht ardbhainistíochta. Níl an teachtaireacht soiléir do mhúinteoirí príomhshrutha i dtaca lena bhfreagrachtaí mar mhúinteoirí RSO.* (Múinteoir Oideachais Speisialta Iar-bhunscoile, fócasghrúpa)

> *GACH múinteoir le freastal a dhéanamh. Níl sé maith go leor nuair nach dtuigeann nó nuair nach mbíonn ach beagán múinteoirí ar an eolas faoi scoláire ag a mbeadh RSO. Ba cheart d'aon mhúinteoir a bhíonn ag teagasc scoláirí sa tsraith shinsearach freastal a dhéanamh! Cur chuige uilescoile!* (Múinteoir Rang Speisialta Iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

Labhair rannpháirtithe freisin ar an ngá atá le cuir chuige i leith na comharfhoghlama gairmiúla agus na foghlama gairmiúla aonair, ar a luachmhaire atá na deiseanna foghlama scoilbhunaithe agus na deiseanna sin a thitfeadh amach lasmuigh den scoil. Shainaithin go leor rannpháirtithe samhail de phobal cleachtais nó cnuaschruinnithe mar chur chuige roghnachais i leith na forbartha gairmiúla. Cuireadh béim, san aiseolas a fuarthas, ar an ngá go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil dírithe ar oideolaíochtaí agus go n-éascódh sí níos mó deiseanna le bheith ag comhoibriú le múinteoirí eile, le gníomhaireachtaí seachtracha agus le seirbhísí tacaíochta.

> *Teastaíonn oiliúint uainn ar réimsí sainiúla RSO mar aon le réimsí amhail cómhúinteoireacht, rud a bheadh úsáideach i dtaca leis an soláthar sa seomra ranga. Teastaíonn deiseanna uainn le bheith ag comhoibriú. Ciallaíonn sé seo cnuasghrúpaí, pobal cleachtais, scoileanna áitiúla a bheith ag teacht le chéile, scoileanna speisialta a bheith ag obair le scoileanna príomhshrutha srl.*
> (Comhordaitheoir Múinteoirí Oideachais Speisialta Iar-bhunscoile, fócasghrúpa)

Tharraing rannpháirtithe comhairliúcháin aird ar réimse de thacaíochtaí breise a bheidh de dhíth ar scoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm na modúl nua, amhail:

- Comharfhoghlaim ghairmiúil: chun múinteoirí a spreagadh agus chun tacú leo agus iad ag obair le chéile le heispéiris a chomhroinnt, smaointe agus dea-chleachtais a fhorbairt agus chun breithmheas a dhéanamh ar chuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama.
- Cuir chuige teagaisc ionchuimsitheacha: tacú le múinteoirí chun acmhainneacht a fhorbairt i dtaca le cuir chuige ionchuimsitheacha, teagasc idirdhealaithe, agus modhanna éagsúla cómhúinteoireachta a úsáid.
- Níos mó faisnéise agus treorach ar bhealaí chun tacú le scoláirí ag a bhfuil MCGF.
- Treoir ar mheasúnú saincheaptha d'fhonn an leibhéal reatha inniúlachta a dhéanamh amach maidir le croí-ghnéithe den fhoghlaim ar dócha iad a bheith lárnach maidir le rochtain a fháil ar an gcuraclam cuí sa tsraith shinsearach chun freastal ar riachtanais an scoláire.
- Forbairt ghairmiúil do cheannairí scoile chun an acmhainneacht a fhorbairt i dtaca le scoileanna ionchuimsitheacha a stiúradh.
- Timpeallacht thacúil a fhorbairt ina mbeadh sé de shaoirse ag múinteoirí dul sa seans, triail a bhaint as cuir chuige úra, breithmheas agus machnamh a dhéanamh ar chuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama.

Cuireadh béim, d'aon ghuth, san aiseolas ar a thábhachtaí a bheadh sé cumarsáid shoiléir chomhsheasmhach a fháil ó gach páirtí leasmhar a mbeadh baint acu le cur i bhfeidhm na modúl. Tugann anailís bhreise ar an aiseolas le fios gur mian le daoine rochtain bhreisithe a fháil ar an bhforbairt ghairmiúil sa réimse níos leithne de RSO agus cleachtais ionchuimsitheacha. Leag go leor rannpháirtithe béim ar an ngá atá le hacmhainneacht mhéadaithe sa chóras chun coinneáil suas leis an éileamh ar ranganna speisialta agus le hoscailt na ranganna speisialta. Shainaithin roinnt rannpháirtithe gá le tuilleadh deiseanna san oiliúint tosaigh múinteoirí chun teacht i dtír ar fhorbairt ghairmiúil i dtaca le cleachtais ionchuimsitheacha ag leibhéal uile-scoile agus ag leibhéal an mhúinteora aonair chun acmhainneacht agus muinín a fhorbairt.

## Réimsí eile plé

Bhí réimsí eile d'aiseolas ann nach ndeachthas i gcomhairle go díreach ina dtaobh ach ar luaigh rannpháirtithe go minic iad le linn an phróisis comhairliúcháin. Tá na réimsí seo liostaithe thíos cé go dtiteann sé lasmuigh de scóip agus de chuspóir na tuarascála seo níos mó sonraí a thabhairt ar gach réimse den aiseolas. Ar na réimsí ba leitheadaí, bhí:

- Na dúshláin a bhaineann leis an oideachas ionchuimsitheach: Léirigh go leor rannpháirtithe tuairimí maidir leis na dúshláin níos leithne a bhaineann le bheith ag tacú leis an oideachas ionchuimsitheach, go háirithe i suíomhanna príomhshrutha iar-bhunscoile. Ar bhonn ginearálta, d'iarr rannpháirtithe leibhéil mhéadaithe de mhaoiniú, agus rochtain ar acmhainní breise, lena n-áirítear múinteoirí a bheadh oilte san oideachas speisialta, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, timpeallachtaí fisiceacha iomchuí, teicneolaíocht oiriúnaitheach, acmhainní teagaisc.
- Cúntóirí Riachtanas Speisialta: Labhair rannpháirtithe, beag beann ar a suíomh scoile, ar an ngá a bhí le níos mó Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) a fháil. Thug go leor rannpháirtithe le fios go dtiocfaidh méadú, le tabhairt isteach na modúl leantach, ar chúraimí laethúla na CRSanna. D'iarr roinnt rannpháirtithe go dtabharfaí isteach Cúntóirí Teagaisc, nó bíonn téarmaí tagartha an Chúntóra Riachtanas Speisialta dírithe ar riachtanais príomhchúraim an scoláire. Léirigh rannpháirtithe an tuairim go bhfágann an sainmhíniú ar 'riachtanas príomhchúraim' go mbíonn srian leis an tacaíocht a fhéadann CRSanna a chur ar fáil, agus ba rud tairbheach é níos mó tacaíochta a bheith ann do riachtanais teagaisc agus foghlama an scoláire.
- Ainmniú scoileanna speisialta mar bhunscoileanna: Labhair cuid mhaith rannpháirtithe ar feadh i bhfad ar an dúshlán atá ann do scoileanna speisialta chun oideachas iar-bhunscoile leathan cothrom a chur ar fáil fad is atá siad ainmnithe mar bhunscoil. Thug rannpháirtithe le fios gur fhág an t-ainmniú seo nach raibh cuid mhaith scoileanna speisialta in ann an réimse céanna de roghanna curaclaim iar-bhunscoile a chur ar fáil is chuirtear ar fáil in iar-bhunscoileanna príomhshrutha, go háirithe na hábhair sin a mbíonn seomraí, trealamh agus múinteoirí sainiúla ag teastáil lena n-aghaidh. Thug roinnt rannpháirtithe le fios gur cheart go léireodh an leithdháileadh foirne do scoileanna speisialta riachtanais churaclaim na scoláirí agus gurb é is dóichí go gcuimseodh sé seo múinteoirí cáilithe bunscoile agus iar-bhunscoile araon. De bhreis air sin, luaigh rannpháirtithe gurb amhlaidh, ar bhonn dlíthiúil, cé go bhfuil sé de cheart ag páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu oideachas bunscolaíochta saor in aisce a fháil go dtí aois a 18 mbliana, gur gá do scoláirí an scoil speisialta seo acu a fhágáil chomh luath is a bhaineann siad an aois sin amach. Chuir cuid mhór rannpháirtithe síos don chleachtas go raibh sé *míchothrom* agus *idirdhealaitheach* agus léirigh mian láidir go rachfaí i ngleic leis an gceist seo i gcomhthéacs athfhorbairt na sraithe sinsearaí.

# Cuid a Trí: Príomhthorthaí le haghaidh fhorbairt na modúl leantach

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin gurb éigean modúil leantacha a fhorbairt, go bhfuil sé tráthúil agus go bhfáilteodh formhór mór na rannpháirtithe roimpi, agus go dtugann an Cháipéis Eolais agus Treoir léargas cuimsitheach ar na ceisteanna a mbeidh ar an meitheal forbartha breithniú a dhéanamh orthu. Ar a bharr sin, tá an comhairliúchán tar éis aird a tharraingt ar roinnt torthaí a mbeidh cinntí le déanamh ina leith a thiteann lasmuigh de théarmaí tagartha CNCM chun tacú le forbairt na modúl. Tá aitheanta sa rannán seo den tuarascáil cuid de na príomhthorthaí d'fhorbairt na modúl leantach, agus iad ag eascairt as an gcomhairliúchán.

Cé go bhfuil an t-aiseolas leagtha amach sa tuarascáil seo faoi ocht bpríomhthéama, tá na príomhthorthaí leagtha amach sa rannán seo den tuarascáil faoi dhá phríomh-cheannteideal:

- Príomhthorthaí ar gá don mheitheal forbartha a bheidh ag obair ar na modúil breithniú orthu.
- Príomhthorthaí do pháirtithe leasmhara níos leithne.

## Príomhthorthaí ar gá don mheitheal forbartha a bheidh ag obair ar na modúil breithniú orthu

### Spriocghrúpa agus critéir chun rochtain a fháil ar na modúil leantacha

Beidh ar an meitheal forbartha a chinntiú go soláthrófar, leis na critéir a fhorbrófar chun na scoláirí sin a shainaithint a ndéanfaí freastal níos fearr ar a gcuid riachtanas trí rochtain a fháil ar na modúil seo, soiléire do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí.

### Leanúnachas agus dul chun cinn

Beidh ar an meitheal forbartha machnamh a dhéanamh ar na réimsí foghlama ó na CFL1anna agus CFL2nna ar fiú breithniú orthu chun críche leanúnachais. Beidh orthu breithniú a dhéanamh freisin ar na bealaí a bhféadfaí an fhoghlaim a thabhairt chun cinn ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach. I gcás roinnt scoláirí, beidh sé buntábhachtach dá gcuid oideachais an t-eolas agus na scileanna ón tsraith shóisearach a dhaingniú. Is amhlaidh, áfach, chun aois agus céim na scoláirí sa tsraith shinsearach a shainaithint, gur gá breithniú a dhéanamh ar réimsí foghlama lena n-áirítear OSPS agus OCG, oideachas saoránachta agus oideachas airgeadais, agus réimsí eile nach iad.

### Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí

Beidh ar an meitheal forbartha a choinneáil i gcuimhne gur gá aon treoirlínte a sholáthrófar a bheith ag tacú le cur chuige uile-scoile agus go n-úsáidfí teanga shoiléir ghonta chomhsheasmhach iontu. Is gá freisin go mbeidh comhsheasmhacht sna treoirlínte ó thaobh teachtaireachtaí de, iad a bheith idirghníomhach agus bainteach le gach suíomh agus comhthéacs scoile.

### Sraith Shinsearach Chomhtháite

Beidh ar an meitheal forbartha breithniú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le sraith shinsearach chomhtháite agus an méid a d'fhéadfaí na modúil leantacha a chur i bhfeidhm i seomraí ranga príomhshrutha. Is ionann forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus deis don mheitheal forbartha lena mheas cén chaoi ar féidir na spriocanna foghlama níos leithne seo a dhéanamh bríoch don uile scoláire, rud a d'éascódh eispéireas foghlama comhtháite.

### Measúnú agus tuairisciú

Beidh ar an meitheal forbartha iniúchadh a dhéanamh ar na cuir chuige ab oiriúnaí i leith an mheasúnaithe lena éascú don scoláire a chuid foghlama a chur i láthair sa chaoi ab fhearr ab fhéidir. Ní bheidh gach scoláire in ann plé le modhanna foirmeálta measúnaithe agus is féidir, dá réir, go mbeadh foirmeacha eile tuairiscithe ag teastáil. Tugadh le tuiscint, le haiseolas ón gcomhairliúchán, go bhféadfaí measúnú foirmitheach a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim sa phobal agus sa bhaile, mar aon le ar scoil.

Léiríodh go láidir san aiseolas gur gá paraiméadair an tuairiscithe agus an teistiúcháin a leathnú, agus déanfaidh an mheitheal forbartha breithniú ar bhealaí trína bhféadfaimis tuairisciú agus teistiúchán níos cuimsithí a sholáthar.

### Conairí éagsúla agus aistrithe

Beidh ar an meitheal forbartha a chinntiú go soláthróidh na modúil leantacha ag an tsraith shinsearach eispéireas oideachasúil don scoláire a ullmhóidh é nó í don saol tar éis an oideachais iar-bhunscoile. Beidh gá le breithniú a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfadh na modúil seo tacú le forbairt an neamhspleáchais agus scileanna feidhmeacha saoil agus a soláthróidh siad socrúcháin bhríocha oibre sa phobal. Beidh ar an meitheal forbartha breithniú a dhéanamh freisin ar na bealaí a dtacóidh na modúil leantacha le forbairt na féinchinnteoireachta chun tacú le haistrithe amach anseo agus leis an maireachtáil neamhspleách.

## Príomhthorthaí do pháirtithe leasmhara níos leithne.

Rinneadh na torthaí atá leagtha amach thíos a thuairisciú le go mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha a bhfuil baint acu le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí in ann breithniú a dhéanamh orthu.

### An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Tá díocas láidir ann gurb é a ghnóthófar trí na modúil ná cáilíocht atá san áireamh sa CNC. Má tá sé seo le bheith amhlaidh, ní mór cinneadh a dhéanamh i dtaca leis an bhforas cáiliúcháin a bheidh ann, a mbeidh orthu breithniú a dhéanamh ar dheimhniú/bailíochtú na foghlama.

### Measúnú agus teistiúchán

Luadh i rith an ama le linn an chomhairliúcháin, i measc gach grúpa rannpháirtithe, an tábhacht a bheadh le teistiúchán náisiúnta le haghaidh ghnóthachtáil oideachasúil an uile scoláire ag an tsraith shinsearach. Beidh gá le dianmhachnamh lena shainaithint cén chaoi a bhféadfaí é seo a réadú i gcomhthéacs sraith shinsearach athfhorbartha.

Ar a bharr sin, teastaíonn soiléire i dtaca leis an leibhéal de bhailíochtú seachtrach ar na socruithe measúnaithe a bheidh ag teastáil chun críche an teistiúcháin, má bhíonn a leithéid ag teastáil in aon chor.

### Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha

Sainaithníodh go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ríthábhachtach le go n-éireodh le cur i bhfeidhm na modúl leantach ag an tsraith shinsearach. Labhair rannpháirtithe an chomhairliúcháin ar an ngá a bheadh le forbairt ghairmiúil chun na modúil leantacha a chur i bhfeidhm mar aon le forbairt ghairmiúil sna modheolaíochtaí agus oideolaíochtaí le haghaidh teagasc ionchuimsitheach.

Shonraigh go leor rannpháirtithe múnla de phobal cleachtais agus/nó cnuas-seisiúin do mhúinteoirí chun samplaí de chleachtas agus taithí maidir le cur i bhfeidhm na modúl a phlé agus a roinnt. Shainaithin rannpháirtithe, beag beann ar a suíomh scoile, gá le cur chuige uile-scoile le bheith ag oibriú le múinteoirí eile chun cur le hacmhainneacht agus muinín.

Is amhlaidh, freisin, go bhfuil buarthaí agus dúshláin níos leithne ann maidir leis an ionchuimsiú i seomraí ranga príomhshrutha ar fiú do na páirtithe leasmhara ábhartha iad a iniúchadh a thuilleadh.

### Comhoibriú páirtithe leasmhara

Léiríonn an t-aiseolas go bhfuil gá le teachtaireachtaí agus cumarsáid shoiléir chomhsheasmhach ó gach páirtí leasmhar, amhail an Roinn Oideachais, CNCM, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, seirbhísí forbartha gairmiúla agus seirbhísí eile nach iad, i dtaca leis an oideachas speisialta ar bhonn níos ginearálta, i dtaca leis na critéir chun rochtain a fháil ar CFL1anna agus CFL2nna ag an tsraith shóisearach, agus i dtaca le réimsí níos leithne den teagasc agus foghlaim ionchuimsitheach. Luaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin, ar bhonn seasta, an tábhacht atá le faisnéis a chur ar fáil ar bhonn forleathan, í a bheith éasca le haimsiú agus í a bheith soiléir comhsheasmhach.

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir plé luachmhar agus fuarthas aiseolas úsáideach stuama ó pheirspictíochtaí iolracha. Léirigh caighdeán na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán rannpháirteachas suntasach leis an gCáipéis Eolais agus léiríonn na tuairimí stuama machnamhacha a luachmhaire atá tabhairt isteach agus forbairt na modúl seo do rannpháirtithe an chomhairliúcháin agus an méid a thacaíonn siad leis seo.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna fócasghrúpaí, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ina theannta sin, tá CNCM an-bhuíoch do na ceannairí scoile a d'éascaigh rannpháirtíocht sna himeachtaí fócasghrúpa do mhúinteoirí.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis comhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo treoir agus stiúir don mheitheal forbartha agus iad ag leanúint dá cuid oibre agus ag cinntiú go mbeidh na modúil ar fáil lena dtabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2024.

Faoi dheireadh, sainaithníodh leis an gcomhairliúchán réimse de thosca fabhracha a bheidh ríthábhachtach chun go n-éireoidh le cur i bhfeidhm na modúl seo. Déanfar an t-aiseolas seo a chomhroinnt leis na páirtithe leasmhara ábhartha a bhfuil baint acu le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí.

# Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an tSraith Shinsearach ar fáil ar https://ncca.ie/ga/resources/athbhreithniú-ar-an-tsraith-shinsearach-tuarascáil-chomhairleach/ [faighte an 3 Bealtaine 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) Plean Straitéiseach 2022-2025 ar fáil ag https://ncca.ie/media/5517/plean-straiteiseach-2022-2025.pdf [faighte an 3 Bealtaine 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) Beartas Cosanta Sonraí ar fáil ag https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdf [faighte an 3 Bealtaine 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) Straitéis Taighde ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4640/cncm_straitéis_taighde_2019-2021.pdf [faighte 3 Bealtaine 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a). Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt mhodúil leantacha don scoláire tar éis Cláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó ar fáil ag https://ncca.ie/media/6023/bgp_sc-follow-on-modules-for-l1l2_0223_ga.pdf [faighte an 3 Bealtaine 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b). Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ar fáil ag review-l1l2-lp_0223_en.pdf (ncca.ie) [faighte an 3 Bealtaine 2023]

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (2009). Referencing of the Irish NFQ to the EQF – National Report ar fáil ag https://europa.eu/europass/system/files/2022-05/Irish_Referencing_Report%5B1%5D.pdf [faighte an 24 Bealtaine 2023]

# Aguisín A

Mar chuid den chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir, theastaigh ó na heagraíochtaí seo a leanas go n-aithneofaí gur fhreagair siad an suirbhé ar líne:

Meánscoil na mBráithre Críostaí, Ros Comáin.
Coláiste De La Salle, Maigh Chromtha.
Coláiste Pobail na hInse.
Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr.
Coláiste Pobail Mhungairit.
Scoil Speisialta Scoil Chormaic.
Scoil Mhuire, Ceann Toirc.
Coláiste Ráth Tó.
Coláiste Pobail Naomh Aodán.
Scoil Naomh Ita.
Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar.
Scoil Speisialta Mhíchíl.
Scoil Sutton Park (Páirc Chill Fhionntain)

Le linn an chomhairliúcháin, fuarthas 10 n-aighneacht scríofa ó na grúpaí agus eagraíochtaí seo a leanas:

Pobalscoil Speisialta Charraig Uí Leighin
Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ag Foghlaim le Chéile
Audrey Halpin, Ollamh Cúnta le hOideachas Ionchuimsitheach, Scoil na Forbartha Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Foireann CFL1.CFL2
Comhchoiste na mBainisteoirí
Coláiste Muire, an Cnoc Beag
Pobalscoil Mhóinteach Mílic
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
Scoil Speisialta Mhíchíl

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment